

Scoláireachtaí Chuntas D a phróiseáil

- I gcás Scoláireachtaí Chuntas D ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, ba cheart do **Choláistí, Scoileanna, Disciplíní agus Aonaid Tacaíochta Gairmiúla** a bhronn na Scoláireachtaí iad a phróiseáil go díreach.
- I gcás Scoláireachtaí Chuntas D ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí, ba cheart don RAO iad a phróiseáil ar fhoirm scoláireachta ar líne ar láithreán gréasáin an RAO.
- I gcás na Foirme Dearbhaithe maidir le Díolúine Mic Léinn (SED), ba cheart do gach mac léinn a fhaigheann scoláireacht í a líonadh agus a sheoladh ar ais sula bpróiseálfar an scoláireacht le haghaidh íocaíochta.
- Sa chás gurb é/í an Sparánaí an Sealbhóir Buiséid ar Ionad Costais Chuntas D ábhartha, teastaíonn cead i scríbhinn a bheith ag an Sparánaí sula bpróiseáiltear an Scoláireacht.
- Tá foirmeacha SED sínithe le sábháil ar láithreán SharePoint a roinnfidh an RAO leat (teagmhálaí ainmnithe le cur ar fáil don RAO le rochtain a fháil ar an láithreán, seol ríomhphost chuig scholarshipforms@universityofgalway.ie chun rochtain a fháil).
- Tá nasc chuig foirm Microsoft ar líne le cruthú agus an fhaisnéis seo a leanas le hiarraidh: Ainm an mhic léinn, Uimhir Aitheantais Mic Léinn OÉG, agus Uimhir PSP agus sonraí Cuntais Bainc.
Ba chóir an nasc a neadú i bhfoirm SED le go bhféadfaidh an mac léinn é a líonadh (féach thíos chun cóip den teimpléad a fháil).
- Ba cheart an fhaisnéis a bhailítear ar an bhfoirm Microsoft ar líne a aistriú ansin chuig an bhfoirm Iarratais Aistrithe Bainc agus í a sheoladh ar ríomhphost chuig Cuntais Iníochta **gach mí**, toisc go ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil ar bhonn míosúil.

Seol an fhoirm chuig –

accountspayable@universityofgalway.ie

cc Mary Nohilly mary.nohilly@universityofgalway.ie agus

Angela McMahon amcmahon@universityofgalway.ie

Spriocdháta

Uaslódálfaidh Cuntais Iníochta foirmeacha Iarratais Aistrithe Bainc a chomhlánaítear mar is ceart agus íocfar iad laistigh de 10 lá oibre. Más mian leat go ndéanfaí íocaíocht ag deireadh na míosa, iarr é seo i gcorp do ríomhphost chuig Cuntais Iníochta.



Foirm Sonraí Cuntais Bainc - Scoláireacht do Mhic Léinn Lánfhásta

Sonraí Pearsanta

1

Ainm an Mhic Léinn

Cuir isteach do fhreagra

2

Uimhir Aitheantais Mic Léinn OÉG

Cuir isteach do fhreagra

3

Uimhir PSP

Cuir isteach do fhreagra

